Gion go gcarthair cara siur

[McKenna, Lambert: *Philip Bocht Ó hUiginn*, Dublin, 1931, poem 13]

1 Gin go gcarthair cara siur
anfaidh gan a chara ar gcúl
snas an fhocail gémadh ál
a rádh is glas docair dhúnn.

2 Is í breath do béarthaoi air
gé do féaghthaoi fa seach sibh
gurab í an tsiur as teo toil
muna fhoil ceo ar iul gach fhir.

3 Toil ar meanman dleaghar dhínn
treabhadh dá ndearnar ’na dhiaidh
dlighthear annsa i n-aghaidh gráidh
cáir damhsa a shamhail dom shiair.

4 A fhagháil madh áil ón mhnaoi
grádh d’fhagháil nír fhaláir dhí
ní sirthear acht ar eacht é
searc an té ar a sirfeadh sí.

5 Máthair agus sí ’na siair
ní bráthair an tí nach túir
a-tá bheith i mbun an ghaoil
ar bhreith dhaoibh nó a chur san chúil.

6 Mór bhfear lénab ionmhuin í
i n-ionbhuidh a chean do chaoi
iongnadh a mhéad tá ar a tí
’s nach bí éad mná ris an mnaoi.

7 Dá treoir ní budh tugtha cor
’na deoidh do budh dulta ar neamh
siur do imthigh an t-iul glan
nar ghabh iul timchil as teagh.

8 Siur ar dtoghuine i dtigh Dé
siur sin dán roghuire an rí
banógh nach bean mar gach mnaoi
do bhaoi seal ar anshógh í.

9 Do bhí fa dhaloi ag Muire mhóir
Muire agus gan mhnaoi ’na péin
mac Dé ar fóghra ó thír do thír
ní budh brígh lé a fóbra féin.

10 [Fionnoire] nar mheadh don mhnaoi
gá ionghuire ar fheadh a ré
neimhréidh fan mbochtacht do bhí
si ag fortacht deidhbhléin Dé.

11 Mac Dé ar eachtra agus an ógh
an é nar dheacra iná ar ndíon
gan ar a sgáth achd sí ag saor
an chraobh dár bhláth rí na ríogh.

12 Tig cealg fhalaigh ar an óigh
’s ar an leanb dár labhair Eoin
an oidhidh nach é do thuair
go bhfuair oidhir Dé fa dheoidh.

13 A brón gin gur bh’oil dá haois
do loigh do budh lór do sgís
ar Muire óigh d’eire a báis
eire budh pháis dóibh ’n-a ndís.

14 Anaidh ’n-a chomhghar gá chaoi
gan charaidh ag congnamh lé
achd gur leathlámh ar Eoin í
do bhí ar seachrán i ndeoidh Dé.

15 Do gheall sí an maicsin dá mnáibh
d’fhaicsin agus nír bh’í a ndóigh
buime an leinbh gá gcur ar céill
a sgur féin gér fheidhm don óigh.

16 Do bhí an mac fa martra lé
’n-a dhalta is ’n-a mhac don mhnaoi
do chaoin flaith nimhe ar dhá ní
gur chaith sí a cridhe re a chaoi.

17 A sgarthain an uair do b’ál
ris an uaidh do athraigh seol
ar a leanb do luigh an ógh
nír mhór nar fhuil dearg a deor.

18 [San] lia ’n-a éanar gan óidh
ní sgéaradh re Dia dá deoin
cead na hanamhna ní uair
beag nar smuain anumhla d’Eoin.

19 A chaoineadh mar budh dhú dhí
gá dtú achd nír mhaoidheamh don mhnaoi
do shil an réadla ar ndol Dé
an ré ar an gcor gcéadna ag caoi.

20 Ní rabha fa masla mhór
’s [mo] chara gum charsa ar eol
ball ’n-a churp nar treaghdadh tríom
bíodh ré hucht deargadh na ndeor.

21 A hoidhre lér hosgladh neamh
brosdadh dom choimdhe ar dhá chor
a horchra agus a gníomh glan
foghtha dhamh síodh ar a son.

22 Do gabhair Moire fa mhian
do chabhair gach dhuine dhíol
a lochta do leagh an ógh
mór bhfear nar dhocra mo dhíon.

23 Fuaras briathra [ó] bhfuighthí fail
dá gcuirthí ar na briathra bail
an glór diamhair a-déar ribh
ní sgéal sin gan fhiadhain air.

24 Neach do bhí umhal don óigh
ris nar tubhadh ní budh náir
nach tug san uile bhan brígh
nír char díbh achd Muire a-mháin.

25 Lá dá [gcualadh] comhdháil mhór
san chomdháil [uabhar] nír fhaomh
[ag] Moire do ansan uadh
sluagh Saghsan roimhe san raon.

26 Do mhian an aonaigh nir fhéach
maolaidh a mhian fa mian bhaoth
téid ar dtós go teagh na dtráth
a nós gnáth do lean an laoch.

27 Ón choraidh nar fhéidear é
san éigean do fholuigh sí
lá an ghaisgidh fa bhuaidh do bhaoi
a ghnaoi is i n-aisgidh fhuair í.

28 Do maoidheadh a chlú ós a gcionn
ar sgaoileadh [insan gcrú] crann
téid an té nar thuair an geall
i gceann an tsluaigh do b’é a am.

29 Ni chreideadh ar chan an sluagh
a bhladh nír leigeadh fa lár
a ghníomh gá ghabháil i mbéal

an sgéal fíor d’fhagháil nar bh’ál.

30 Do b’é sgéal gach dhuine dhíbh
sgéal achd sé ní fhuighe uainn
do budh neimhní dháibh [do] dhréim
[led] láimh féin do beirthí buaidh .

31 Maoidhthear a ghníomh fa gníomh moch
do shaoilfeadh lér shíol dá rath
san chluiche gidh bé do bheath
gur bh’é neach budh mhuiche a-mach.

32 Fuaras anáir as fhiu gnaoi
a fagháil gin gur fiu mé
do aithin croidhe an fhir í
is í Moire sin ar sé.

33 Clú an sgeoilse do an air
San Seoirse fa chlú do chuir
gur hiomchradh lé oire an fhir
’s é is-tigh ó Mhoire ’s a-muigh.

34 Ón ríoghraidh do cháidh fa chlú
tres an míorbhail do ráidh riu
biad fa dhaoirse dhí ’s do Dhia
ní as sia rer mbaoisne ní bhiu.

35 Tug anóir ar a dhruim dí
fa chuing don bhanóigh do bhaoi
ar ngabháil an lása lé
sé ag fagháil grása agus gnaoi.

36 Gomadh éidear is é ar rádh
mé mar an gcéidfhear do chlódh
San Seoirse gér ghloine ngníomh
bríogh an sgeoilse ar Moire mór.

37 Táinig adhnadh nósa an naoimh
don lósa dár labhradh uaim
mar an lá téarná a-tá m’óidh
fóill gach éanlá go Lá an Luain.

38 Lámh linn ar do bhreith ní bhia
ná feith sinn san támh i dtú
a bhanchara gidh dhíonn dó
i ló sgarthana an ríogh rú.

39 Ní héadóigh mo theibe thall
éagcóir muna leige linn

dá n-aomhtha coir tar mo cheann
fearr mo dhóigh nach saorfa sinn.

40 Dá láimh chlí a-támaid ag triall
id chlí gé thánaig dár dtúr
do mhac Dé achd go ndlighthear gaol
an taobh clé do dhlighfeadh dhúnn

41 Tairg a char d’aontail is iad
sul rabh red ghaoltaibh a ghrúg
it éagmhais a fhalt na ngéag
créad do ghéandais san alt úd.

42 Féach meadh ar lochtaine ar lár
lean do bhochtaine is do bhrón
a shúil ghorm dár ghoire déar
féagh ó chroidhe orm a ógh.

43 A airdbhean don fhine as mhó
a mhaighdean gan righe ria
a bhean ghrádha ós ghnaoi gach mná
a-tá ’n-a mnaoi dhála ag Dia.

44 Do cheannach budh dú go daor
tú an t-eallach agus an t-ór
bronntar don fhior lénab ál
a lámh na mbronntadh mion mór

45 A bhuille bháire na mban
a sgáile na tuinne is teagh
a thrilis fhiar nar fhaomh cion
a chraobh ós fhiodh a ghrian gheal

46 A thobar ar nach téid trágh
ó dtéid an cogadh ar gcúl
a shnaidhm síotha na sé slógh
a chlódh fhíocha Dé na ndúl.

47 A fhurtocht an bheatha bhí
do bhochtacht nar mheatha mé
a eidhnéin an fhíona naoi
a dhlaoi dhíona deidhbhléin Dé.

48 A chuirm na n-easbal ’s na n-ógh
a mhuirn nach measdar go daor
a chridhe gan shal a shiur
a iul glan nimhe na naomh.

49 A bhaincheann an uile fhear

a Mhuire a bhaincheann na mban
is ar do sgáth as dú dul
tú as bhun do chách gin go gcar. Gion

50 Bráthair bocht as daingean dúnn
is aingeal gan thocht re a thréan
tugtha [d’aoidh mogh] don dá mhaor
ni gaol ar son gaoil do ghéan. Gion.